- 55 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar thaca leis an togra sin, go raibh an rialtas sin ag brath den chuid is mó ar chinneadh an Kúria (an Chúirt Uachtarach) an 24 Feabhra 2025, nach raibh tugtha fós ar an dáta a tarchuireadh an iarraidh ar réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais.
- 56 Chuir an chúirt a rinne an tarchur san áireamh, ina cinneadh an 26 Bealtaine 2025, an cinneadh sin ón Kúria (an Chúirt Uachtarach) agus mheas sí gur ghá, mar thoradh air sin, ceisteanna nua a cheapadh le haghaidh réamhrialú maidir le pointí áirithe a d'ardaigh Rialtas na hUngáire, agus mar thoradh air sin go bhfuil an togra ón rialtas sin chun an chéad cheist a athfhoirmlíú go dtí an tríú ceist chun cinneadh an Kúria (an Chúirt Uachtarach) a chur san áireamh gan chuspóir den chuid is mó.
- 57 Is fíor go dtagann Rialtas na hUngáire ar chonclúidí ó chinneadh an Kúria (an Chúirt Uachtarach), atá éagsúil go páirteach leis na conclúidí a ghlac an chúirt a rinne an tarchur.
- 58 Mar sin féin, is cásdlí socair é, in imeachtaí faoi Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, go bhfuil dlínse ag an gcúirt náisiúnta amháin, *inter alia*, an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm (féach breithiúnais an 16 Márta 1978, *Oehlschläger*, 104/77, EU:C:1978:69, mír 4, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 76). Óna taobh féin de, ní mór don Chúirt rialú a thabhairt maidir le léiriú nó bailíocht fhorálacha dhlí an Aontais a n-iarrtar a tuairim ina leith, agus comhthéacs fíorasach agus reachtach na gceisteanna a cuireadh faoina bráid á chur san áireamh, mar a thuairiscigh an chúirt a rinne an tarchur (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Nollaig 2007, *Laval un Partneri*, C-341/05, EU:C:2007:809, mír 47, agus an 1 Lúnasa 2025, *Royal Football Club Seraing*, C-600/23, EU:C:2025:617, mír 66).
- 59 Dá bhrí sin, chun an chéad cheist go dtí an tríú ceist agus an t-ochtú ceist a fhreagairt, ní mór don Chúirt Bhreithiúnais brath ar an gcur síos ar reachtaíocht na hUngáire ar a bhfuil Rialtas na hUngáire ag brath, ach ar an gcur síos a ghlac an chúirt a rinne an tarchur.

An chéad cheist

- 60 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 20 CFAE agus Airteagail 5, 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7, 24 agus 47 den Chairt agus le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar údaráis Bhallstáit cinneadh um fhilleadh a ghlacadh maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh an Aontais, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, gan scrúdú a dhéanamh ar dtús ar iarmhairtí cinnidh den sórt sin ar shaol teaghlaigh an náisiúnaigh tríú tír sin agus ar staid leanaí mionaoiseacha an náisiúnaigh tríú tír sin.

- 61 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforchuirtear le hAirteagail 12 agus 13 de Threoir 2008/115, le hAirteagal 47 den Chairt agus le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin oibleagáidí nós imeachta nach bhfuil ábhartha chun an chéad cheist a fhreagairt.
- 62 Tar éis an pointe sin a shoiléiriú, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur léir ó chásdlí socair na Cúirte go gcuirtear cosc le hAirteagal 20 CFAE ar bhearta náisiúnta a bhfuil sé d'éifeacht acu fíor-thairbhiú shubstaint na gceart a thugtar de bhua a stádais mar shaoránaigh den Aontas a bhaint de shaoránaigh an Aontais (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 63 Mar sin féin, ní thugann forálacha Chonradh FAE maidir le saoránacht an Aontais Eorpaigh aon cheart uathrialach do náisiúnaigh tríú tír. Ní cearta de chuid na náisiúnach féin na cearta a thugtar dóibh ach cearta a dhíorthaítear ó na cearta sin atá ag an saoránach den Aontas. Tá cuspóir agus bonn cirt na gceart díorthaithe sin bunaithe ar an bhfíoras go bhféadfadh diúltú cead a thabhairt dóibh cur isteach, go háirithe, ar shaoirse gluaiseachta shaoránaigh an Aontais laistigh de chríoch an Aontais (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 64 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go bhfuil cásanna an-sonrach ann, in ainneoin nach bhfuil feidhm ag dlí tánaisteach an Aontais maidir le ceart cónaithe náisiúnach tríú tír agus nár bhain an saoránach den Aontas lena mbaineann úsáid as a shaoirse gluaiseachta, nach mór ceart cónaithe a dheonú mar sin féin do náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh leis an saoránach sin den Aontas é, ós rud é go mbainfí an bonn d'éifeachtacht shaoránacht an Aontais murach sin dá mba rud é, mar thoradh ar dhiúltú do cheart den sórt sin, go raibh sé d'oibleagáid ar an saoránach sin den Aontas, sa chleachtas, críoch an Aontais ina hiomláine a fhágáil, rud a d'fhágfadh nach mbeadh sé in ann fíorthairbhiú a bhaint de shubstaint na gceart a thugtar leis an stádas sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 65 Mar sin féin, ní fhéadfadh diúltú ceart cónaithe a dheonú do náisiúnach tríú tír an bonn a bhaint d'éifeachtacht shaoránacht an Aontais ach amháin má tá caidreamh cleithiúnachta ann, idir an náisiúnach tríú tír sin agus an saoránach den Aontas lena mbaineann ar ball teaghlaigh é, a d'fhágfadh go gcuirfí iallach ar an saoránach den Aontas dul in éineacht leis an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus críoch an Aontais ina hiomláine a fhágáil (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 66 Mar is léir ó chásdlí na Cúirte, is i bhfianaise dhéine an chaidrimh spleáchais idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus an saoránach den Aontas, ar ball teaghlaigh den náisiúnach tríú tír sin é, nach mór measúnú a dhéanamh ar an aitheantas do cheart cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE, agus nach mór imthosca uile an cháis a chur san áireamh i measúnú den sórt sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 67 Sa chomhthéacs sin, ní féidir le Ballstát, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 64 go 66 den bhreithiúnas seo, cinneadh um fhilleadh a ghlacadh i gcoinne an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

- 68 Ar an gcéad dul síos, i gcás den sórt sin, cuirtear cosc le hAirteagal 20 CFAE ar an náisiúnach tríú tír sin cónaí a dhiúltú dó, chomh maith le beart díbeartha a fhorchur nó, ar bhonn níos leithne, beart lena gceanglaítear air filleadh ar thríú tír, ós rud é go bhféadfadh bearta den sórt sin fíor-thairbhiú na gceart a thugtar de bhua a stádaís mar shaoránach den Aontas a bhaint de shaoránach den Aontas, mar gheall ar an gcaidreamh spleáchais idir é agus an náisiúnach tríú tír sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Meán Fómhair 2016, CS, C-304/14, EU:C:2016:674, mír 32, agus an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 65).
- 69 Ar an dara dul síos, is léir ó chásdlí na Cúirte go n-eascaíonn an ceart cónaithe dá bhforáiltear in Airteagal 20 CFAE go díreach ón dlí príomha agus go n-eascaíonn sé ón tráth a chomhlíontar na coinníollacha lena dtugtar údar leis an gceart cónaithe sin a dheonú, fiú sula ndéantar iarratas ar aitheantas do cheart cónaithe (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2025, *Stadt Wuppertal*, C-130/24, EU:C:2025:340, míreanna 32, 33 agus 39).
- 70 Dá bhrí sin, ón tráth a thagann an caidreamh cleithiúnachta amhail an caidreamh dá dtagraítear i mír 65 den bhreithiúnas seo chun cinn, ní féidir a mheas a thuilleadh, fad a mhaireann an caidreamh cleithiúnachta sin, go bhfuil an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 3(2) de Threoir 2008/115 (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2018, *K.A. agus páirtithe eile (Athaontú teaghlaigh sa Bheilg)*, C-82/16, EU:C:2018:308, mír 89).
- 71 Leanann sé ó Airteagal 2(1) agus Airteagal 6(1) den Treoir sin nach bhféadfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a ghlacadh ach amháin i ndáil le náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Kaduna*, C-244/24 agus C-290/24, EU:C:2024:1038, míreanna 137 agus 138).
- 72 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla Airteagal 20 CFAE a chur san áireamh agus iad ag smaoineamh ar chinneadh um fhilleadh a ghlacadh i gcoinne náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh de shaoránach den Aontas é.
- 73 Chuige sin, cé gur fíor gur faoi na Ballstáit atá sé na socruithe a chinneadh maidir le cur chun feidhme Airteagal 20 CFAE i gcomhthéacs nósanna imeachta um fhilleadh, is amhlaidh fós nár cheart do na rialacha sin, áfach, éifeachtacht an Airteagail sin a chur i mbaol (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 74 I ndáil leis sin, ós rud é go bhféadfadh cur chun feidhme nós imeachta um fhilleadh i gcoinne tuismitheoir saoránaigh den Aontas ar mionaoiseach é, ar an mbealach céanna le cinneadh a ghlacadh lena ndiúltaítear cónaí don tuismitheoir sin, fíor-thairbhiú na gceart a dhíorthaíonn sé nó sí ón stádas a thugtar dó nó di le hAirteagal 20 CFAE a bhaint den saoránach sin den Aontas, is féidir na ceanglais nós imeachta a fhorchuirtear ar na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar cheadanna cónaithe a thrasú, *mutatis mutandis*, chuig nósanna imeachta um fhilleadh.
- 75 Dá bhrí sin, i gcomhthéacs nós imeachta den sórt sin, níl sé d'oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta inniúla scrúdú córasach a dhéanamh agus ar a dtionscnamh féin an ann do chaidreamh cleithiúnachta de réir bhrí Airteagal 20 CFAE, ós rud é go gceanglaítear ar an duine lena mbaineann an fhianaise a sholáthar lena gcuirtear ar a chumas a mheas an gcomhlíontar na

coinníollacha chun an tAirteagal sin a chur i bhfeidhm (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 76 Mar sin féin, chun éifeachtacht Airteagal 20 CFAE a áirithiú, is faoi na húdaráis náisiúnta atá i mbun nós imeachta um fhilleadh maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh de shaoránach den Aontas é measúnú a dhéanamh, *inter alia*, ar bhonn na fianaise nach mór don náisiúnach tríú tír agus don saoránach den Aontas lena mbaineann a bheith saor chun a sholáthar agus, más gá, trí na himscrúduithe is gá a dhéanamh, an bhfuil gaol cleithiúnachta idir an bheirt sin mar a thuairiscítear i mír 65 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 77 Dá bhrí sin, ní mór do na húdaráis náisiúnta inniúla, nuair a mheasann siad, de bhun na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme, cinneadh um fhilleadh a ghlacadh i ndáil le náisiúnach tríú tír a bhfuil a theaghlach nó a teaghlach ar eolas acu do shaoránach de chuid an Aontais, a áirithiú, más gá tríd an bhfaisnéis is gá chun na críche sin a bhailiú, nach gciallaíonn an cinneadh a ghlacfaidh siad go bhfuil sé d'oibleagáid ar an saoránach sin de chuid an Aontais, sa chleachtas, críoch an Aontais Eorpaigh ina hiomláine a fhágáil. Chuige sin, ní mór do na húdaráis sin, go háirithe, a chinneadh an bhfuil caidreamh cleithiúnachta idir na daoine lena mbaineann, mar a thuairiscítear i mír 65 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C- 420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, míreanna 71 agus 72).
- 78 Sa dara háit, gan beann ar na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 20 CFAE, agus Treoir 2008/115 á cur chun feidhme ag na Ballstáit, ní mór dóibh, de bhun Airteagal 5 den Treoir sin, ar thaobh amháin, aird chuí a thabhairt ar leas an linbh, ar shaol an teaghlaigh agus ar staid sláinte an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann agus, ar an taobh eile, prionsabal an *non-refoulement* a urramú. Ní mór na leasanna sin agus an prionsabal sin a chur san áireamh go cuí ag gach céim den nós imeachta um fhilleadh agus, go háirithe, tráth a ghlactar cinneadh um fhilleadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 22 Samhain 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Aistriú – Cannabas teiripeach)*, C-69/21, EU:C:2022:913, mír 91, agus an 4 Meán Fómhair 2025, *Adrar*, C-313/25 PPU, EU:C:2025:647, mír 79).
- 79 Dá bhrí sin, ní féidir le Ballstát cinneadh um fhilleadh a ghlacadh gan na sonraí ábhartha maidir le saol teaghlaigh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a chuir sé ar aghaidh mar thaca le hiarratas ar chónaí a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2018, *K.A. agus páirtithe eile (Athaontú teaghlaigh sa Bheilg)*, C-82/16, EU:C:2018:308, mír 104).
- 80 Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla ar chinneadh um fhilleadh a ghlacadh i gcoinne mionaoiseach neamhthionlactha, ní mór do na húdaráis sin measúnú ginearálta agus cuimsitheach a dhéanamh ar staid an mhionaoisigh sin, agus aird chuí a tabhairt ar leas an linbh (féach, chuige sin, breithiúnais an 14 Eanáir 2021, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Filleadh mionaoisigh neamhthionlactha)* (C-441/19, EU:C:2021:9, mír 60, agus an 11 Márta 2021, *État belge (Filleadh tuismitheora mionaoisigh)*, C-112/20, EU:C:2021:197, mír 33).
- 81 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 5 de Threoir 2008/115 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar údaráis Bhallstáit cinneadh um fhilleadh a ghlacadh maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh

é de shaoránaigh den Aontas, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, gan scrúdú a dhéanamh ar dtús ar iarmhairtí cinnidh den sórt sin ar shaol teaghlaigh an náisiúnaigh tríú tír sin agus ar staid leanaí mionaoiseacha an náisiúnaigh tríú tír sin, i gcás ina bhfuil faisnéis ag na húdaráis sin maidir le naisc theaghlaigh a bheith ann idir an náisiúnach tríú tír agus saoránaigh sin an Aontais.

An cúigiú ceist

- 82 Lena cúigiú ceist, ar cheart í a scrúdú sa dara háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 20 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7, 24 agus 47 den Chairt agus le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit, arna léiriú ag cúirt uachtarach an Bhallstáit sin, lena n-eisiatar brath ar Airteagal 20 i gcoinne cinneadh um fhilleadh nó le linn imeachtaí um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:
- déantar ceart cónaithe faoi Airteagal 20 nó caidreamh cleithiúnachta a agairt den chéad uair ag céim na n-imeachtaí breithiúnacha ach bhí na naisc theaghlaigh idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus saoránach den Aontas ar eolas ag na húdaráis inniúla cheana féin; nó
 - go ndéanfar na fíorais atá ábhartha chun Airteagal 20 a chur i bhfeidhm a thabhairt chun solais ar dtús le linn na n-imeachtaí breithiúnacha; nó
 - rinneadh cinneadh cónaí a dhiúltú sa Bhallstát lena mbaineann roimh an nós imeachta um fhilleadh.
- 83 Ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcás nár agraíodh ceart cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE nó caidreamh cleithiúnachta le linn an nós imeachta riaracháin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil sé de dhualgas ar náisiúnach tríú tír atá faoi réir nós imeachta um fhilleadh comhar dílis a dhéanamh, ar dá réir nach mór dó an t-údarás náisiúnta inniúil a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoi na forbairtí ábhartha uile a bhaineann lena shaol teaghlaigh (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *Adrar*, C-313/25 PPU, EU:C:2025:647, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 84 Mar sin féin, mar is léir ó mhíreanna 73 go 77 den bhreithiúnas seo, i gcás ina bhfuil faisnéis ag na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le naisc theaghlaigh a bheith ann idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus saoránach de chuid an Aontais, ní féidir leis na húdaráis sin cinneadh um fhilleadh a ghlacadh gan a sheiceáil, más gá trí na himscrúduithe is gá a dhéanamh, nach gcuireann Airteagal 20 CFAE bac ar chinneadh den sórt sin a ghlacadh.
- 85 I gcás den sórt sin, ós rud é nár bhraith an náisiúnach tríú tír go sonrach ar Airteagal 20 CFAE os comhair na n-údarás sin, ní fhágann sé sin go ndíolmhófar na húdaráis sin ó sheiceáil den sórt sin a dhéanamh ná go gceadófar dóibh cinneadh um fhilleadh a ghlacadh nuair a chinneann siad, ag deireadh an fhíoraithe sin, go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 64 go 66 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 73).
- 86 Dá bhrí sin, i bhfianaise chineál soiléir agus neamhchoinníollach na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar na húdaráis náisiúnta inniúla, ní mór a mheas go bhfuil éifeacht dhíreach ag na hoibleagáidí sin, agus mar thoradh air sin nach mór an náisiúnach tríú tír lena mbaineann a bheith in ann brath os comhair cúirt náisiúnta ar mhainneachtain fhéideartha na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i

gcomhthéacs leigheas éifeachtach, mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(1) de Threoir 2008/115 agus le hAirteagal 47 den Chairt, fiú mura bhfuil sé ag brath, os comhair na n-údarás sin, ar cheart cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE nó ar chaidreamh spleáchais.

- 87 Ar an dara dul síos, maidir le haon fhíoras a tugadh chun solais den chéad uair le linn na n-imeachtaí breithiúnacha, ba cheart a mheabhrú gur chinn an Chúirt, chun cosc a chur ar shaoránach den Aontas ar mionaoiseach é na cearta a eascraíonn as an stádas a thugtar dó le hAirteagal 20 CFAE a bhaint de, gur faoi na cúirteanna náisiúnta atá sé rialú a thabhairt ar dhiúltú cónaithe fíorais a tharla tar éis an chinnidh riaracháin a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Máthair linbh mionaoisigh Ollannaigh de chuid na Téalainne)*, C-459/20, EU:C:2023:499, mír 52)
- 88 Ós rud é go bhféadfadh cur chun feidhme nós imeachta um fhilleadh fíor-thairbhiú na gceart a dhíorthaíonn sé nó sí ón stádas a thugtar dó nó di le hAirteagal 20 CFAE a bhaint de shaoránach de chuid an Aontais ar mionaoiseach é nó í, ní mór feidhm a bheith ag an réiteach sin freisin agus scrúdú á dhéanamh ar chaingean arna tionscnamh i gcoinne cinneadh um fhilleadh.
- 89 Ní mór a lua freisin, maidir le hordú díbeartha arna ordú i gcoinne náisiúnach de chuid Ballstáit ar fhorais an bheartais phoiblí, gur chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar chleachtas náisiúnta nach bhféadfaidh na cúirteanna náisiúnta gnéithe fíorasacha a tharla tar éis an ordaithe sin a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Aibreán 2004, *Orfanopoulos agus Oliveri*, C-482/01 agus C-493/01, EU:C:2004:262, mír 82).
- 90 Dá bhrí sin, ní mór do chúirt náisiúnta a éistean caingean i gcoinne cinneadh um fhilleadh ábhair fhíorasacha a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 20 CFAE a tugadh chun solais den chéad uair le linn na n-imeachtaí breithiúnacha a chur san áireamh.
- 91 Ar an tríú dul síos, maidir le hábharthacht réamhchinnidh cónaithe a bheith ann, ní mór a thabhairt faoi deara, ós rud é gur faoi na Ballstáit atá sé na socruithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 20 CFAE a chinneadh i gcomhthéacs nós imeachta um fhilleadh, gur fúthu atá sé na rialacha sin a shainiú trí fhéachaint lena áirithiú nach féidir ceart an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a staid teaghlaigh a chur san áireamh sula nglacfar cinneadh um fhilleadh a úsáid chun an nós imeachta riaracháin a athoscailt nó a shíneadh ar feadh tréimhse éiginnte (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Bealtaine 2018, *K.A. agus páirtithe eile (Athaontú teaghlaigh sa Bheilg)*, C-82/16, EU:C:2018:308, mír 105).
- 92 Go háirithe, féadfaidh Ballstát foráil a dhéanamh nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla torthaí a bhaineann le staid teaghlaigh an duine lena mbaineann a chur san áireamh agus scrúdú á dhéanamh acu ar iarratas ar chead cónaithe, gan gá le hathmhachnamh *de novo* a dhéanamh ar an staid sin ina hiomláine.
- 93 Ar thaobh amháin, áfach, ní féidir cinneadh lena ndiúltaítear cónaí a bheith cinntitheach chun Airteagal 20 CFAE a chur i bhfeidhm le linn imeachtaí um fhilleadh, i gcás, amhail an cas atá i gceist sna príomhimeachtaí, inar ghlac na húdaráis náisiúnta inniúla an cinneadh sin gan measúnú a dhéanamh ar bhealach ar bith an raibh an tAirteagal sin infheidhme, cé go raibh faisnéis acu maidir le naisc theaghlaigh a bheith ann idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus saoránach den Aontas.

- 94 Ar an taobh eile, is léir ó chásdlí na Cúirte maidir le cónaí nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla an staid mar atá tráth a n-iarrtar orthu rialú a thabhairt ar chur i bhfeidhm Airteagal 20 CFAE a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2023, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Máthair linbh mionaoisigh Ollannaigh de chuid na Téalainne)*, C-459/20, EU:C:2023:499, mír 52). Ina theannta sin, mar a mheabhraítear i mír 69 den bhreithiúnas seo, tagann ceart cónaithe faoi Airteagal 20 CFAE chun cinn tráth a chomhlíontar na coinníollacha lena dtugtar údar lena dheonú, gan beann ar na nósanna imeachta a dhéantar d'fhonn aitheantas a fháil don cheart sin.
- 95 Leanann sé ó na critéir a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, i gcás nach nglactar an cinneadh lena ndiúltaítear cónaí agus an cinneadh um fhilleadh ag an am céanna, go háirithe i gcás, amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina scarann tréimhse shuntasach ama glacadh na gcinntí sin, nach mór do na húdaráis náisiúnta inniúla, in aon chás, le linn an nós imeachta um fhilleadh, aon imthosca nua atá ábhartha chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 20 CFAE a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, nach mbeidh siad in ann brath go heisiach, chun an t-iarratas sin a chosc, ar an bhfíoras gur diúltaíodh an ceart cónaithe roimhe sin, lena n-áirítear más rud é gur glacadh an diúltú sin agus aird chuí á tabhairt ar an Airteagal sin.
- 96 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an gcúigiú ceist nach mór Airteagal 20 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit, arna léiriú ag cúirt uachtarach an Bhallstáit sin, lena n-eisiatar brath ar Airteagal 20 i gcoinne cinneadh um fhilleadh nó le linn imeachtaí um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:
- déantar ceart cónaithe faoi Airteagal 20 nó caidreamh cleithiúnachta a agairt den chéad uair ag céim na n-imeachtaí breithiúnacha ach bhí na naisc theaghlaigh idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus saoránach den Aontas ar eolas ag na húdaráis inniúla cheana féin; nó
 - go ndéanfar na fíorais atá ábhartha chun Airteagal 20 a chur i bhfeidhm a thabhairt chun solais ar dtús le linn na n-imeachtaí breithiúnacha; nó
 - rinneadh cinneadh cónaí a dhiúltú sa Bhallstát lena mbaineann roimh an nós imeachta um fhilleadh.

An dara ceist

- 97 Lena dara ceist, ar cheart í a scrúdú sa tríú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 20 CFAE agus Airteagail 5, 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar údaráis an Bhallstáit sin cinneadh um fhilleadh a ghlacadh, ar fhorais na slándála náisiúnta, maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh de shaoránaigh an Aontais é, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin é agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, ar bhonn tuairim cheangailteach neamhréasúnach arna glacadh ag comhlacht a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram air, agus ar an mbonn sin amháin, gan dianscrúdú a dhéanamh ar na himthosca aonair uile nó ar comhlíonadh prionsabal na comhréireachta.
- 98 Ar an gcéad dul síos, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go bhféadfaidh na Ballstáit maolú, faoi choinníollacha áirithe, ar an gceart cónaithe díorthaithe, a eascraíonn as Airteagal 20 CFAE, do bhall teaghlaigh saoránaigh den Aontas amhail an ball teaghlaigh dá dtagraítear i mír 64 den bhreithiúnas seo, chun an beartas poiblí a choinneáil nó an tslándáil phoiblí a chosaint.

D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ina fhíorbhagairt láithreach agus leorthromchúiseach ar an ord poiblí nó ar an tslándáil phoiblí nó náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 99 Mar sin féin, ní féidir diúltú do cheart cónaithe ar an bhforas sin a bheith mar thoradh ach amháin ar mheasúnú sonracha ar imthosca ábhartha uile an cháis, i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, ar na cearta bunúsacha a n-áiríonn an Chúirt a n-urramú agus, i gcás inarb iomchuí, ar leas leanbh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 77 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 100 Leanann sé ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 72 agus 73 den bhreithiúnas seo go bhfuil feidhm ag an gceanglas sin freisin le linn nós imeachta um fhilleadh a dhéantar maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a gceart chun saorghluaiseachta riamh. Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin nach mór an ceanglas sin a chomhlíonadh i nós imeachta a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 20 CFAE, nach cinneadh lena ndiúltaítear cónaí é an rud atá i gceist ach beart díbeartha (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2016, *CS*, C-304/14, EU:C:2016:674, míreanna 40 agus 41).
- 101 Thairis sin, agus cinneadh um fhilleadh á ghlacadh acu ar fhorais na slándála náisiúnta, ní mór do na Ballstáit Airteagal 5 de Threoir 2008/115 agus Airteagail 7 agus 24 den Chairt a chomhlíonadh fós.
- 102 Mar a luaitear in aithris 6 den Treoir sin, ba cheart cinntí a dhéantar faoin Treoir sin a dhéanamh de réir an cháis agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus mar thoradh air sin is faoi na húdaráis náisiúnta inniúla atá sé na himthosca ábhartha uile a chur san áireamh chun na hAirteagail sin a chur i bhfeidhm, agus go háirithe staid teaghlaigh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, sula mbeidh siad in ann cinneadh um fhilleadh den sórt sin a ghlacadh. Thairis sin, ní mór do na húdaráis náisiúnta sin a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta ag gach céim den nós imeachta um fhilleadh (féach, chuige sin, breithiúnais an 11 Meitheamh 2015, *Zh. agus O.*, C-554/13, EU:C:2015:377, mír 49, agus an 1 Lúnasa 2025, *Al Hoceima agus Boghni*, C-636/23 agus C-637/23, EU:C:2025:603, mír 77).
- 103 Dá bhrí sin, cé nach gcinntear le dlí an Aontais cén t-údarás nach mór na measúnuithe dá dtagraítear i míreanna 99 agus 101 den bhreithiúnas seo a dhéanamh, is amhlaidh fós nach féidir cinneadh um fhilleadh, bunaithe ar fhorais slándála náisiúnta, a ghlacadh ach amháin ag deireadh na measúnuithe sin.
- 104 Sa dara háit, foráiltear le hAirteagal 12(1) de Threoir 2008/115 go n-eiseofar cinntí um fhilleadh i scríbhinn agus go dtabharfar cúiseanna i bhfíoras agus i ndlí. Mar sin féin, ceadaítear leis an bhforáil sin faisnéis ar chúiseanna fíorasacha a theorannú i gcás ina gceadaítear leis an dlí náisiúnta srian a chur leis an gceart chun faisnéise, go háirithe chun an tslándáil náisiúnta a chosaint.
- 105 Ós rud é nach bhfuil aon riail i ndlí an Aontais lena sainítear go beacht na socruithe praiticiúla le haghaidh teorannú den sórt sin, is faoi dhlíchóras intíre gach Ballstát atá na socruithe sin, i gcomhréir le prionsabal neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát, ar choinníoll nach lú fabhar iad ná na socruithe lena rialaítear cásanna intíre comhchosúla (prionsabal na coibhéise) agus nach

bhfágann siad go bhfuil sé dodhéanta sa chleachtas nó ródheacair na cearta a thugtar le dlíchóras an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 106 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú freisin go gceanglaítear ar na Ballstáit, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a eascraíonn as prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a chumhdaítear sa chéad mhír d’Airteagal 47 den Chairt (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 107 Is léir ó chásdlí socair na Cúirte, má tá éifeacht leis an athbhreithniú breithiúnach a ráthaítear leis an gcéad mhír d’Airteagal 47 den Chairt, nach mór don duine lena mbaineann a bheith in ann na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh a rinneadh ina leith bunaithe a fháil amach, tríd an gcinneadh féin a léamh nó trí fhógra faoi na cúiseanna sin a iarraidh agus a fháil, gan dochar do chumhacht na cúirte inniúla a cheangal ar an údarás lena mbaineann an fhaisnéis sin a sholáthar, ionas go mbeidh an duine lena mbaineann in ann a chearta a chosaint sna dálaí is fearr is féidir agus a chinneadh, agus láneolas aige ar na fíorais ábhartha, an bhfuil aon phointe ann a bhfuil feidhm aige maidir leis an gcúirt inniúil, agus chun an chúirt sin a chur go hiomlán in ann athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh náisiúnta atá i gceist (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 108 Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú nach dearbhchearta iad na cearta a leagtar amach in Airteagal 47 den Chairt, agus go bhféadfar, dá bhrí sin, an oibleagáid cúiseanna a lua, arb í atoradh í, a theorannú, laistigh den chreat a leagtar síos in Airteagal 12(1) de Threoir 2008/115, ar bhonn cothromaíocht a bhaint amach, ar thaobh amháin, idir an ceart chun dea-riaracháin agus an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil don duine lena mbaineann agus, ar an taobh eile, na leasanna a bhfuiltear ag brath orthu chun údar a thabhairt le neamhnóchtadh faisnéise ar chúiseanna iarbhír don duine sin, go háirithe i gcás ina mbaineann na leasanna sin leis an tslándáil náisiúnta (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus páirtithe eile*, C-159/21, EU:C:2022:708, mír 50).
- 109 Mar sin féin, ní féidir leis an gcothromaíocht sin, i bhfianaise chomhlíonadh riachtanach Airteagal 47 den Chairt, gach éifeachtacht a bhaint de chearta cosanta an duine lena mbaineann agus an ceart chun leigheas a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) de Threoir 2008/115 a fhágáil gan bhrí, go háirithe trí mhainneachtain substaint na bhforas ar a bhfuil an cinneadh a rinneadh ina choinne bunaithe a chur in iúl don duine sin ar a laghad (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2022, *Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság agus páirtithe eile*, C-159/21, EU:C:2022:708, mír 51).
- 110 Leanann sé ó na breithnithe roimhe seo, a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis an gceanglas na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 20 CFAE agus Airteagal 5 de Threoir 2008/115 agus, ar an dara dul síos, leis an oibleagáid cúiseanna a lua le cinntí um fhilleadh, nach féidir le húdarás náisiúnta atá inniúil maidir le fillleadh é féin a theorannú go bailí do chinneadh neamhréasúnach arna ghlacadh ag údarás náisiúnta eile nár chomhlíon an ceanglas sin a chur chun feidhme, agus, ar an mbonn sin amháin agus ar fhorais na slándála náisiúnta, cinneadh um fhilleadh a dhéanamh maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a gceart chun

saorghluaiseachta riamh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C- 420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 111 Ní chuireann an cinneadh sin cosc ar bhealach ar bith ar chomhlachtaí a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram orthu cuid den fhaisnéis a úsáideann an t-údarás inniúil chun na measúnuithe dá dtagraítear i míreanna 99 agus 101 den bhreithiúnas seo a dhéanamh, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don údarás sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 112 Ar an gcaoi chéanna, ní chuirtear cosc leis an gcinneadh sin ar Bhallstát an chumhacht a thabhairt do chomhlacht a gcuirtear sainfheidhmeanna atá nasctha leis an tslándáil náisiúnta de chúram air tuairim a eisiúint lena gceanglaítear, ar bhealach ceangailteach, cinneadh um fhilleadh a ghlacadh, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht sin an oibleagáid cúiseanna a lua agus nach féidir leis tuairim den sórt sin a ghlacadh ach amháin tar éis dó na himthosca ábhartha uile dá dtagraítear i míreanna 99 agus 101 den bhreithiúnas seo a chur san áireamh go cuí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 113 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 20 CFAE agus Airteagail 5, 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 7 agus 24 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar údarais an Bhallstáit sin cinneadh um fhilleadh a ghlacadh, ar fhorais na slándála náisiúnta, maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh an Aontais, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, ar bhonn tuairim cheangailteach neamhréasúnach arna glacadh ag comhlacht a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram air amháin, gan dianscrúdú a dhéanamh ar na himthosca aonair uile nó ar comhlíonadh prionsabal na comhréireachta.

An tríú, an ceathrú, an séú agus an seachtú ceist

- 114 Leis an tríú, an ceathrú, an séú agus an seachtú ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile agus sa cheathrú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 1, 5 agus 11 di, Airteagal 20 CFAE, prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagail 5, 7, 24 agus 47 den Chairt, bunaithe ar fhaisnéis a gcuirfeadh a nochtadh slándáil náisiúnta an Bhallstáit sin i mbaol, nach féidir leis an náisiúnach tríú tír sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ach amháin tar éis údarú a fháil chun na críche sin, nach gcuirtear ar fáil, fiú i bhfianaise shubstaint na bhforas ar a bhfuil na cinntí sin bunaithe agus nach féidir, in aon chás, chun críocha nós imeachta riaracháin nó imeachtaí breithiúnacha, úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a bhféadfadh rochtain a bheith aige uirthi, más ann di, ach nach mór don chúirt a bhfuil dlínse aici idirghabháil ionchúisitheora phoiblí a iarraidh chun cearta an náisiúnaigh tríú tír sin a chosaint.
- 115 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ós rud é go mbaineann an tríú, an ceathrú, an séú agus an seachtú ceist go heisiach leis an nós imeachta atá le leanúint os comhair na n-údarás náisiúnta inniúil agus na gcúirteanna náisiúnta i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, nach bhfuil Airteagail 1 agus 11 de Threoir 2008/115 ná Airteagail 5, 7 agus 24 den Chairt ábhartha chun na ceisteanna sin a fhreagairt.

- 116 Mar a tugadh faoi deara i mír 104 den bhreithiúnas seo, foráiltear le hAirteagal 12(1) de Threoir 2008/115 go n-eiseofar cinntí um fhilleadh i scríbhinn agus go dtabharfar cúiseanna fíorasacha agus dlíthiúla leo.
- 117 Foráiltear le hAirteagal 13(1) den Treoir sin go dtabharfar leigheas éifeachtach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na gcinntí sin nó athbhreithniú orthu a lorg os comhair údarás inniúil breithiúnach nó riaracháin nó comhlacht inniúil atá comhdhéanta de chomhaltaí atá neamhchlaonta agus a bhfuil coimircí neamhspleáchais acu.
- 118 Níl aon léiriú sna forálacha sin, áfach, maidir leis na socruithe lena rialaítear rochtain ar an gcomhad a bhaineann le nós imeachta um fhilleadh. Ina theannta sin, mar a tugadh faoi deara i míreanna 104 agus 105 den bhreithiúnas seo, cé go gceadaítear le hAirteagal 12(1) den Treoir sin teorainn a chur leis an bhfaisnéis a bhaineann leis na forais fhíorasacha a áireamh i gcinntí maidir le fillleadh, i gcás ina gceadaítear leis an dlí náisiúnta srian a chur leis an gceart chun faisnéise, go háirithe chun an tslándáil náisiúnta a chosaint, níl aon riail ar leith i ndlí an Aontais lena sainítear na socruithe sonracha maidir le teorannú den sórt sin.
- 119 Mar sin, tagann socruithe praiticiúla na nósanna imeachta a leagtar síos maidir le rochtain an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann ar an gcomhad a bhaineann le nós imeachta um fhilleadh agus ar fhorais chinnidh um fhilleadh agus cinnidh maidir le toirmeasc ar theacht isteach, i gcás ina bhfuil na cinntí sin bunaithe ar fhaisnéis a chuirfeadh slándáil náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann i mbaol dá nochtfaí í, faoi dhlíchóras gach Ballstáit, laistigh de na teorainneacha a eascraíonn as na prionsabail agus as an dlí a mheabhraítear i míreanna 105 agus 106 den bhreithiúnas seo.
- 120 Dá bhrí sin, go háirithe, ní mór urraim do chearta cosanta an duine lena mbaineann a ráthú le linn an nós imeachta riaracháin agus le linn aon nós imeachta breithiúnach araon (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 88 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 121 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, maidir leis an nós imeachta riaracháin, is léir ó chásdlí socair na Cúirte go gciallaíonn urramú chearta na cosanta nach mór d'údaráis na mBallstát seolaí cinnidh a dhéanann difear suntasach dá leasanna a chur in iúl, agus cinntí á ndéanamh acu a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, inar féidir leis a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach maidir leis an bhfaisnéis ar a bhfuil sé beartaithe ag na húdaráis a gcinneadh a bhunú (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 89 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 122 Is é is cuspóir don cheanglas sin, go háirithe, i gcomhthéacs nós imeachta um fhilleadh amhail an nós imeachta atá i gceist sna príomhimeachtaí, a chur ar chumas an údaráis inniúil a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le rialú a thabhairt ar chinneadh um fhilleadh agus toirmeasc ar theacht isteach a d'fhéadfaí a ghlacadh trí mheasúnú aonair a dhéanamh, agus láneolas aige ar na fíorais, ar na himthosca ábhartha go léir, lena gceanglaítear go mbeidh seolaí na gcinntí sin in ann earráid a cheartú nó faisnéis den sórt sin a bhaineann lena imthosca pearsanta a chur isteach mar a áitíonn sé i bhfabhar ghlacadh nó neamhghlacadh na gcinntí sin, nó i bhfabhar ábhar sonracha a bheith iontu (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 90 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 123 Is é is aidhm don cheanglas sin, ar bhonn níos ginearálta, nuair a thionscnaítear nós imeachta um fhilleadh, rannchuidiú le comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear in Airteagal 5 de Threoir 2008/115, trína áirithiú go mbeidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann in ann a thuairimí nó a tuairimí a chur in iúl maidir le héifeachtaí sonracha na n-oibleagáidí sin air nó uirthi (féach, chuige sin, breithiúnais an 8 Bealtaine 2018, *K.A. agus páirtithe eile (Athaontú teaghlaigh sa Bheilg)*, C-82/16, EU:C:2018:308, mír 103, agus an 14 Eanáir 2021, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Filleadh mionaoisigh neamhthionlactha)*, C-441/19, EU:C:2021:9, mír 59).
- 124 Ós rud é go dtugtar le tuiscint leis an gceanglas sin, más gá, go dtabharfar deis nithiúil do náisiúnach tríú tír, trí chomhairleoir, a bheith ar an eolas faoin bhfianaise ar a bhfuil sé beartaithe ag na húdaráis a gcinneadh a bhunú, tá an ceart rochtana ar an ábhar uile sa chomhad le linn an nós imeachta riaracháin mar atoradh ar urramú chearta na cosanta (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 91 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 125 Ar an dara dul síos, maidir leis na himeachtaí breithiúnacha, ciallaíonn urraim do chearta na cosanta nach mór d'iaratasóir a bheith in ann ní hamháin na cúiseanna ar a bhfuil na cinntí a rinneadh ina leith bunaithe a fháil amach, ach rochtain a bheith aige freisin ar an ábhar uile sa chomhad ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe, chun bheith in ann barúil éifeachtach a thabhairt ar an ábhar sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 126 Ina theannta sin, ciallaíonn prionsabal na sáraíochta, atá mar chuid de chearta na cosanta, dá dtagraítear in Airteagal 47 den Chairt, nach mór an ceart a bheith ag na páirtithe sa chás scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid nó na barúlacha go léir a chuirtear faoi bhráid na cúirte chun tionchar a imirt ar a cinneadh, agus barúil a thabhairt orthu, rud a thugann le tuiscint nach mór don duine atá faoi réir cinneadh um fhilleadh agus toirmeasc ar theacht isteach a bheith in ann eolas a chur ar an ábhar ina chomhad a chuirtear ar fáil don chúirt a n-iarrtar uirthi rialú a thabhairt ar an achomharc i gcoinne na gcinntí sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 93 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 127 Ní mór a mheabhrú, dá bhrí sin, nach sainphribhléidí absalóideacha iad cearta na cosanta agus go bhféadfar, dá bhrí sin, an ceart chun rochtain a fháil ar an gcomhad, arb atoradh é, a theorannú, ar bhonn ualú idir, ar thaobh amháin, ceart an duine lena mbaineann chun leigheas éifeachtach a fháil agus, ar an taobh eile, na leasanna a luaitear chun údar a thabhairt do neamhnochtadh míre den chomhad don duine sin, go háirithe i gcás ina mbaineann na leasanna sin leis an tslándáil náisiúnta (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 128 Mar sin féin, ní féidir a bheith mar thoradh ar an gcothromaíocht sin, i bhfianaise na hurraime is gá d'Airteagal 47 den Chairt, go mbainfear gach éifeachtacht de chearta cosanta an duine lena mbaineann agus go ndéanfar a cheart nó a ceart chun sásaimh a eascraíonn as an Airteagal sin gan bhrí, go háirithe trí mhainneachtain substaint na bhforas ar a bhfuil na cinntí a rinneadh ina choinne bunaithe a chur in iúl don duine sin ar a laghad (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 95 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 129 Mar sin, d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar an gcothromú sin nach nochtfar faisnéis áirithe sa chomhad don duine lena mbaineann, i gcás ina bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin slándáil an Bhallstáit atá i gceist a chur i mbaol go díreach agus go sonrach, a mhéid a d'fhéadfadh sé, go

- háirithe, beatha, sláinte nó saoirse daoine a chur i mbaol nó na modhanna imscrúdaithe a úsáideann comhlachtaí a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram orthu a nochtadh go sonrach agus, dá bhrí sin, bac tromchúiseach a chur ar chomhlíonadh chúraimí na n-údarás sin amach anseo nó iad a chosc fiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 130 Dá bhrí sin, cé nach bhféadfaidh na Ballstáit, i gcás ina n-éilíonn an tslándáil náisiúnta amhlaidh, rochtain dhíreach a thabhairt don duine lena mbaineann ar a chomhad go léir i gcomhthéacs nós imeachta um fhilleadh amhail an nós imeachta atá i gceist sna príomhimeachtaí, agus, go háirithe, srian a chur, de bhun Airteagal 12(1) de Threoir 2008/115, ar fhaisnéis a bhaineann le forais fhíorasacha na gcinntí a dhéantar i gcoinne an duine sin, ní féidir leo, gan prionsabal na héifeachtachta, prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus an ceart chun leigheas éifeachtach a shárú, an duine sin a chur i gcás nach mbeadh sé in ann eolas éifeachtach a fháil, i gcás inarb iomchuí i gcomhthéacs nós imeachta sonrach atá ceaptha chun an tslándáil náisiúnta a chosaint, ar shubstaint an ábhair chinntithigh atá sa chomhad sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 97 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 131 Sa chomhthéacs sin, ní mór a mheas, ar an gcéad dul síos, i gcás ina gcuirtear srian ar nochtadh faisnéise a chuirtear sa chomhad ar fhorais na slándála náisiúnta, nach ráthaítear go leordhóthanach urraim do chearta cosanta an duine lena mbaineann leis an bhféidearthacht atá ag an duine sin údarú a fháil, faoi choinníollacha áirithe, chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin, mar aon le toirmeasc iomlán ar úsáid na faisnéise a fhaightear ar an gcaoi sin chun críocha an nós imeachta riaracháin nó aon imeachtaí breithiúnacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 98 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 132 Ina dhiaidh sin, ní féidir cumhacht na cúirte inniúla chun rochtain a fháil ar an gcomhad iomlán a chur in ionad rochtain ar an bhfaisnéis atá sa chomhad sin ag an duine lena mbaineann, ós rud é go gciallaíonn urraim do chearta na cosanta go bhféadfaidh an duine sin, más gá trí chomhairleoir, a leasanna féin a chosaint trína thuairim nó a tuairim féin a chur in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 99, agus an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 95 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 133 Ar deireadh, níl sásra amhail an sásra a ndearna an chúirt a rinne an tarchur cur síos air, atá bunaithe ar rannpháirtíocht ionchúisitheora poiblí ar mhaithe leis an náisiúnach tríú tír lena mbaineann, gan an t-ionchúisitheoir sin a bheith in ann an fhaisnéis a mbeidh rochtain aige uirthi ar an náisiúnach tríú tír sin a chur in iúl, in ann na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh.
- 134 Ní ráthaítear le sásra den sórt sin ar bhealach ar bith go gcuirfidh an t-ionchúisitheoir poiblí dearcadh an náisiúnaigh tríú tír in iúl maidir le gnéithe ábhartha an chomhaid, ós rud é nach bhfuil an náisiúnach tríú tír sin ar an eolas faoin bhfianaise sin agus nach gceanglaítear ar an ionchúisitheoir poiblí dul i gcomhairle leis an náisiúnach tríú tír sin ná aon treoir a thugann sé nó sí a leanúint.

- 135 Ina theannta sin, is léir ó chásdlí na Cúirte nach mór nochtadh shubstaint na bhforas ar a bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid, dá dtagraítear i mír 130 den bhreithiúnas seo, bunaithe a chur in iúl don té ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe féin (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Meitheamh 2013, ZZ, C-300/11, EU:C:2013:363, mír 65, agus an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 88).
- 136 Chinn an Chúirt freisin nár leor reachtaíocht náisiúnta faoina bhféadfadh dlíodóir rochtain a bheith aige ar fhaisnéis rúnaicmithe ar a raibh cinneadh bunaithe, ach nach raibh sé údaraithe ábhar na faisnéise sin a nochtadh dá chliant, chun comhlíonadh Airteagal 47 den Chairt a áirithiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 95).
- 137 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an tríú, ar an gceathrú, ar an séú agus ar an seachtú ceist nach mór Airteagail 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 di, le hAirteagal 20 CFAE, le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus le hAirteagal 47 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit, arna léiriú ag cúirt uachtarach an Bhallstáit sin, lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil cinneadh um fhilleadh agus cinneadh maidir le toirmeasc ar theacht isteach arna ghlacadh i ndáil le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh den Aontas, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh riamh a saoirse gluaiseachta, bunaithe ar fhaisnéis a bhféadfadh rochtain a bheith aige uirthi dá nochtfaí í ach amháin tar éis údarú a fháil chuige sin, nach gcuirtear ar fáil fiú substaint na bhforas ar a bhfuil na cinntí sin bunaithe agus nach féidir leis, in aon chás, an fhaisnéis a bhféadfadh rochtain a bheith aige uirthi a úsáid, chun críocha nós imeachta riaracháin nó imeachtaí breithiúnacha, más ann, ach nach mór don chúirt a bhfuil dlínse aici idirghabháil ionchúisitheora phoiblí a iarraidh chun cearta an tríú tír sin a chosaint.

An naoú ceist

- 138 Lena naoú ceist, ar cheart í a scrúdú sa chúigiú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena bhforáiltear go bhféadfaidh comhlacht a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram air, i gcás ina measann sé go bhféadfadh nochtadh shubstaint na bhforas ar a bhfuil cinneadh um fhilleadh bunaithe an bonn a bhaint den tslándáil náisiúnta, diúltú na forais sin a nochtadh don náisiúnach tríú tír is ábhar don chinneadh sin.
- 139 Mar is léir ó mhír 130 den bhreithiúnas seo, cuireann prionsabal na héifeachtachta, prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagal 47 den Chairt cosc ar chúirt náisiúnta a éistean achomharc i gcoinne cinneadh um fhilleadh an t-achomharc sin a dhíbhe trí bhrath, mar thois chinntitheach, ar ábhar sa chomhad, nár cuireadh a shubstaint in iúl don duine lena mbaineann.
- 140 Is fíor nach bhfuil na rialacha maidir le haicmiú agus scaoileadh ó rúnaicmiú faisnéise faoi rialacháin náisiúnta agus maidir leis na socrúithe chun faisnéis rúnaicmithe a nochtadh faoi réir comhchuibhiú in aon ghníomh de chuid an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 103 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 141 Is amhlaidh fós, i gcás ina bhfuil cinneadh um fhilleadh bunaithe ar fhaisnéis rúnaicmithe, nach mór na rialacha sin a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus le hAirteagal 47 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 142 Chinn an Chúirt go bhfuil sé de rogha ag na Ballstáit, ar chúiseanna slándála Stáit, i gcásanna eisceachtúla, nochtadh beacht agus iomlán na bhforas is bonn le cinneadh maidir le fanacht don duine lena mbaineann a sheachaint, foráil a dhéanamh maidir le teicnící agus rialacha nós imeachta lena gcuirtear san áireamh, ar thaobh amháin, breithnithe dlisteanacha slándála Stáit maidir le cineál agus foinsí na faisnéise a chuirtear san áireamh agus cinneadh den sórt sin á ghlacadh agus, ar an taobh eile, an gá atá le comhlíonadh leordhóthanach chearta nós imeachta an duine a áirithiú, amhail an ceart chun éisteacht a fháil agus prionsabal na sáraíochta (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 107 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 143 Chinn an Chúirt go bhfuil córas ina bhfuil an chúirt inniúil in ann scrúdú a dhéanamh ní hamháin ar na forais go léir ar a ndearnadh an cinneadh atá faoi chonspóid agus ar an bhfianaise a bhaineann leis na forais sin, ach freisin a fhíorú an gcuireann na forais ar a bhfuil an t-údarás náisiúnta inniúil ag brath maidir le slándáil an Stáit bac iarbhir ar nochtadh iomlán na bhforas sin agus na fianaise sin i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 144 Maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar na cúiseanna sin, chinn an Chúirt gur leor, chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 47 den Chairt, go bhféadfaidh an chúirt inniúil, má mheasann sí go bhfuil na cúiseanna sin neamhbhailí, deis a thabhairt don údarás náisiúnta inniúil na forais agus an fhianaise atá in easnamh a nochtadh don duine lena mbaineann (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 145 I gcás den sórt sin, má chinneann an t-údarás inniúil náisiúnta gan na forais agus an fhianaise go léir a bhaineann leis sin a nochtadh, ní mór don chúirt inniúil, chun Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh, scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an chinnidh atá faoi chonspóid ar bhonn na bhforas agus na fianaise sin amháin a nochtadh (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 110 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 146 Os a choinne sin, má chinneann an chúirt a bhfuil dlínse aici go gcuireann na cúiseanna ar a bhfuil an t-údarás inniúil náisiúnta ag brath bac ar nochtadh iomlán na bhforas sin agus na fianaise sin, chinn an Chúirt go bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici na forais sin agus an fhianaise sin a chur san áireamh trí na ceanglais ábhartha a mheas go hiomchuí agus thug sí dá haire, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an gcúirt sin déanamh amhlaidh, nach mór di a áirithiú go gcuirfear substaint na bhforas atá mar bhonn leis an gcinneadh atá faoi chonspóid in iúl don duine lena mbaineann ar bhealach ina dtugtar aird chuí ar rúndacht riachtanach na fianaise (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 111 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 147 Mar sin féin, shonraigh an Chúirt freisin, i gcás nár comhlíonadh an oibleagáid sin an duine lena mbaineann a chur ar an eolas, go gceanglaítear ar an gcúirt inniúil teacht ar chonclúidí iomchuí na mainneachtana sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ (Faisnéis rúnaicmithe)*, C-420/22 agus C- 528/22, EU:C:2024:344, mír 112 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 148 Sna himthosca sin, tá sé fós de rogha ag na Ballstáit an chumhacht a fhorchoimeád don údarás inniúil náisiúnta na forais rúnaicmithe sin nó an fhianaise rúnaicmithe sin a nochtadh nó diúltú iad a nochtadh, ar choinníoll go bhfuil sé de chumhacht ag an gcúirt náisiúnta ar tugadh an chaingean os a comhair i gcoinne cinneadh um fhilleadh teacht ar na conclúidí iomchuí ón gcinneadh a ghlac an t-údarás sin ar deireadh ina leith sin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, mír 99 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 149 Dá bhrí sin, is é an freagra ar an naoú ceist nach mór prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena bhforáiltear go bhféadfaidh comhlacht a gcuirtear sainfheidhmeanna atá nasctha leis an tslándáil náisiúnta de chúram air, i gcás ina measann sé go bhféadfadh nochtadh shubstaint na bhforas ar a bhfuil cinneadh um fhilleadh bunaithe an bonn a bhaint den tslándáil náisiúnta, diúltú na forais sin a nochtadh don náisiúnach tríú tír is ábhar don chinneadh sin. Mar sin féin, chun a áirithiú go n-urramófar cearta cosanta an duine sin, ní mór do chúirt náisiúnta a éistean caingean i gcoinne cinneadh den sórt sin, i gcás inarb ábhartha, teacht ar na conclúidí iomchuí ó aon chinneadh a dhéanann na húdaráis inniúla gan na forais uile atá leis an gcinneadh sin, nó cuid díobh, agus an fhianaise a bhaineann leis a nochtadh.

An t-ochtú ceist

Inghlacacht

- 150 Áitíonn an Coimisiún nach mór diúltú don ochtú ceist, go páirteach, toisc í a bheith do-ghlactha, a mhéid a bhaineann sí le héifeachtaí cinnidh ar an Kúria (an Chúirt Uachtarach) féin ar mhaithe le léiriú aonfhoirmeach ar an dlí. Ós rud é gur cúirt níos ísle í an chúirt a rinne an tarchur, ní bheidh aon pháirt ag freagra ón gCúirt Bhreithiúnais ina leith sin sa chaoi a gcinntear an díospóid sna príomhimeachtaí.
- 151 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir an Chúirt agus na cúirteanna náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair agus nach mór freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, i bhfianaise imthosca sonracha an cháis, atá sé an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon a chinneadh. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh isteach le léiriú dhlí an Aontais, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt (féach breithiúnais an 21 Aibreán 1988, *Pardini*, 338/85, EU:C:1988:194, mír 8, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 61).
- 152 Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ag ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhir nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a

thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (féach breithiúnais an 13 Iúil 2000, *Idéal tourisme*, C-36/99, EU:C:2000:405, mír 20, agus an 24 Iúil 2023, *Lin*, C- 107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 62).

- 153 Sa chás seo, ós rud é nach dlísheomra de chuid an Kúria (an Chúirt Uachtarach) í an chúirt a rinne an tarchur, ach cúirt níos ísle, ní mór a mheas gur léir nach bhfuil aon bhaint ag na rialacha lena sainítear na coinníollacha faoina bhféadfadh an Kúria (an Chúirt Uachtarach) imeacht óna cásdlí féin le hábhar na díospóide sna príomhimeachtaí.
- 154 Dá bhrí sin, níl an t-ochtú ceist inghlactha ach amháin a mhéid a bhaineann sí leis na rialacha lena sainítear cumhachtaí na gcúirteanna íochtaracha.

Substaint

- 155 Leis an gcuid inghlactha dá hochtú ceist, ar cheart í a scrúdú sa séú háit, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 4(3) agus Airteagal 19(1) CAE, Airteagal 267 CFAE agus Airteagal 47 den Chairt, arna léamh i gcomhar le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagail 1, 5, agus 11 go 13 de Threoir 2008/115, a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar chúirt náisiúnta measúnuithe dlíthiúla cúirte níos airde a chomhlíonadh, cé go measann sí, i bhfianaise léiriú dhlí an Aontais arna sholáthar ag an gCúirt, nach bhfuil na measúnuithe sin i gcomhréir le dlí an Aontais.
- 156 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ós rud é go mbaineann an t-ochtú ceist leis na rialacha lena rialaítear, go ginearálta, an caidreamh idir an Kúria (an Chúirt Uachtarach) agus cúirteanna íochtaracha na hUngáire, nach bhfuil baint dhíreach ag forálacha Threoir 2008/115 leis an bhfreagra ar an gceist sin.
- 157 De réir cásdlí socair, bunaítear le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais tosaíocht dhlí an Aontais ar dhlí na mBallstát. Dá bhrí sin, ceanglaítear leis an bprionsabal sin ar chomhlachtaí uile na mBallstát lánéifeacht a thabhairt d'fhorálacha éagsúla an Aontais, agus ní féidir le dlí na mBallstát an bonn a bhaint den éifeacht a thugtar do na forálacha éagsúla sin i gcríoch na Stát sin. Dá bhrí sin, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, ní féidir ligean do Bhallstát a bheith ag brath ar fhorálacha an dlí náisiúnta, fiú ord bunreachtúil, an bonn a bhaint d'aontacht agus d'éifeachtacht dhlí an Aontais (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Global Ink Trade*, C-537/22, EU:C:2024:6, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 158 Sa chomhthéacs sin, tá an chúirt náisiúnta, tar éis di an lánrogha a thugtar di le hAirteagal 267 CFAE a fheidhmiú, faoi cheangal, chun críocha an chinnidh atá le tabhairt sna príomhimeachtaí, ag an léiriú ar fhorálacha dhlí an Aontais arna sholáthar ag an gCúirt agus, dá bhrí sin, ní mór di, más gá, neamhaird a thabhairt ar rialuithe cúirte náisiúnta níos airde má mheasann sí, i bhfianaise an léirithe a thug an Chúirt, nach bhfuil na rialuithe sin i gcomhréir le dlí an Aontais, agus, más gá, diúltú an riail náisiúnta lena gceanglaítear uirthi cinntí na cúirte níos airde sin a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm (breithiúnais an 11 Eanáir 2024, *Global Ink Trade*, C-537/22, EU:C:2024:6, mír 24, agus an 12 Feabhra 2026, *Petlichev*, C-56/25, EU:C:2026:87, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

- 159 Sna himthosca sin, áirítear leis an gceanglas lánéifeacht a thabhairt do dhlí an Aontais an oibleagáid, ar an gcúirt náisiúnta atá i gceist, cásdlí seanbhunaithe a athrú, i gcás inar gá, má tá an cásdlí sin bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le dlí an Aontais (breithiúnais an 11 Eanáir 2024, *Global Ink Trade*, C- 537/22, EU:C:2024:6, mír 25, agus an 12 Feabhra 2026, *Petlichev*, C-56/25, EU:C:2026:87, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 160 Ina theannta sin, i gcás inar tugadh freagra soiléir le cásdlí na Cúirte ar cheist a bhaineann le léiriú dhlí an Aontais, ní mór don chúirt náisiúnta sin gach rud is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an léiriú sin i bhfeidhm (breithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Global Ink Trade*, C-537/22, EU:C:2024:6, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).
- 161 Cé gur chinn an Chúirt, i mír 29 de bhreithiúnas an 11 Eanáir 2024, *Global Ink Trade* (C-537/22, EU:C:2024:6), go bhféadfadh reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear, i bprionsabal, ar chúirteanna níos ísle cinntí cúirte níos airde a chomhlíonadh a bheith i gcomhréir mar sin féin le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, tháinig sí ar an gconclúid sin ar an bhforas gur údaráíodh leis an reachtaíocht atá i gceist sa chás as ar eascair an breithiúnas sin do chúirteanna níos ísle imeacht ó mheasúnuithe den sórt sin, i gcás inar mheas siad go raibh na measúnuithe sin ar neamhréir le dlí an Aontais agus inar thug siad cúiseanna lena gcinneadh ina leith sin.
- 162 Os a choinne sin, sa chás seo, shonraigh an chúirt a rinne an tarchur go sainráite nár údaráíodh le reachtaíocht infheidhme na hUngáire di ar bhealach ar bith imeacht ó chinneadh ón Kúria (an Chúirt Uachtarach) a tugadh ar mhaithe le léiriú aonfhoirmeach ar an dlí. Leanann sé ó mhíreanna 157 go 160 den bhreithiúnas seo go sáraíonn reachtaíocht den sórt sin prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.
- 163 Cé go n-áitíonn Rialtas na hUngáire go gceadaítear le reachtaíocht na hUngáire don chúirt a rinne an tarchur imeacht ó chinneadh an Kúria (an Chúirt Uachtarach) atá i gceist sna príomhimeachtaí ar choinníoll go luann sí go sainráite na cúiseanna leis an rogha sin, is léir ó chásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 58 den bhreithiúnas seo, i gcomhthéacs an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, nach mór don Chúirt rialú a thabhairt agus comhthéacs rialála na gceisteanna a tharchuirtear chuici, mar atá sainithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, á chur san áireamh.
- 164 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur amháin atá sé a áirithiú go bhfuil an raon feidhme a leagtar amach san ordú tarchuir ag reachtaíocht na hUngáire is infheidhme sna príomhimeachtaí.
- 165 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, cé go mbaineann an t-ochtú ceist ní hamháin le léiriú ar phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus ar Airteagal 267 CFAE, ach freisin le léiriú forálacha éagsúla eile den dlí príomha agus le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin, is léir ón méid roimhe seo go gcuireann prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus Airteagal 267 CFAE cosc, in aon chás, ar reachtaíocht amhail an reachtaíocht dá dtagraítear sa cheist sin, agus mar thoradh air sin nach gá rialú a thabhairt ar na forálacha éagsúla eile sin den dlí príomha a luaitear ná ar phrionsabal ginearálta an dea-riaracháin.
- 166 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an ochtú ceist nach mór prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar chúirt náisiúnta measúnuithe dlíthiúla cúirte níos airde a chomhlíonadh, cé go measann sí, i bhfianaise léiriú dhlí an Aontais arna sholáthar ag an gCúirt, nach bhfuil na measúnuithe sin comhsheasmhach le dlí an Aontais.

Costais

- 167 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagal 20 CFAE agus Airteagal 5 de Threoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar údaráis Bhallstáit cinneadh um fhilleadh a ghlacadh maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh é de shaoránaigh an Aontais, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, gan scrúdú a dhéanamh ar dtús ar iarmhairtí cinnidh den sórt sin ar shaol teaghlaigh an náisiúnaigh tríú tír sin agus ar staid leanaí mionaoiseacha an náisiúnaigh tríú tír sin, i gcás ina bhfuil faisnéis ag na húdaráis sin maidir le naisc theaghlaigh a bheith ann idir an náisiúnach tríú tír agus saoránaigh sin an Aontais.

2. Maidir le hAirteagal 20 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit, arna léiriú ag cúirt uachtarach an Bhallstáit sin, lena n-eisiatar brath ar Airteagal 20 i gcoinne cinneadh um fhilleadh nó le linn imeachtaí um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:

- déantar ceart cónaithe faoi Airteagal 20 nó caidreamh cleithiúnachta a agairt den chéad uair ag céim na n-imeachtaí breithiúnacha ach bhí na naisc theaghlaigh idir an náisiúnach tríú tír lena mbaineann agus saoránach den Aontas ar eolas ag na húdaráis inniúla cheana féin; nó
- go ndéanfar na fíorais atá ábhartha chun Airteagal 20 a chur i bhfeidhm a thabhairt chun solais ar dtús le linn na n-imeachtaí breithiúnacha; nó
- rinneadh cinneadh cónaí a dhiúltú sa Bhallstát lena mbaineann roimh an nós imeachta um fhilleadh.

3. Maidir le hAirteagal 20 CFAE agus Airteagail 5, 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 7 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar údaráis an Bhallstáit sin cinneadh um fhilleadh a ghlacadh, ar fhorais na slándála náisiúnta, maidir le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh de shaoránaigh an Aontais é, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin é agus nár fheidhmigh a shaoirse gluaiseachta riamh, ar bhonn tuairim cheangailteach neamhréasúnach arna glacadh ag comhlacht a bhfuil sainfheidhmeanna a bhaineann leis an tslándáil náisiúnta de chúram air, gan dianscrúdú a dhéanamh ar na himthosca aonair uile nó ar comhlíonadh prionsabal na comhréireachta.

- 4. Maidir le hAirteagail 12 agus 13 de Threoir 2008/115, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 di, le hAirteagal 20 CFAE, le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht Bhallstáit, arna léiriú ag cúirt uachtarach an Bhallstáit sin, lena bhforáiltear, i gcás ina bhfuil cinneadh um fhilleadh agus cinneadh maidir le toirmeasc ar theacht isteach, arna nglacadh i ndáil le náisiúnach tríú tír ar ball teaghlaigh de shaoránaigh an Aontais é, ar náisiúnaigh den Bhallstát sin iad agus nár fheidhmigh a saoirse gluaiseachta riamh, bunaithe ar fhaisnéis a gcuirfeadh a nochtadh slándáil náisiúnta an Bhallstáit sin i mbaoil, nach féidir leis an náisiúnach tríú tír sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin ach amháin tar éis údarú a fháil chuige sin, fiú le substaint na bhforas ar a bhfuil na cinntí sin bunaithe agus nach féidir leis, in aon chás, úsáid a bhaint, chun críocha nós imeachta riaracháin nó imeachtaí breithiúnacha, as an bhfaisnéis a bhféadfadh rochtain a bheith aige uirthi, más ann di, ach nach mór don chúirt a bhfuil dlínse aici idirghabháil ionchúisitheora phoiblí a iarraidh chun cearta an náisiúnaigh tríú tír sin a chosaint.

- 5. Maidir le prionsabal ginearálta an dea-riaracháin agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha,**

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena bhforáiltear go bhféadfaidh comhlacht a gcuirtear sainfheidhmeanna atá nasctha leis an tslándáil náisiúnta de chúram air, i gcás ina measann sé go bhfuil baol ann go mbainfí an bonn den tslándáil náisiúnta dá nochtfaí substaint na bhforas ar a bhfuil cinneadh um fhilleadh bunaithe, diúltú na forais sin a nochtadh don náisiúnach tríú tír is ábhar don chinneadh sin. Mar sin féin, chun a áirithiú go n-urramófar cearta cosanta an duine sin, ní mór do chúirt náisiúnta a éistean caingean i gcoinne cinneadh den sórt sin, i gcás inarb ábhartha, teacht ar na conclúidí iomchuí ó aon chinneadh a dhéanann na húdaráis inniúla gan na forais uile atá leis an gcinneadh sin, nó cuid díobh, agus an fhianaise a bhaineann leis a nochtadh.

- 6. Ní mór prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais agus Airteagal 267 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear ar chúirt náisiúnta measúnuithe dlíthiúla cúirte uachtaraí a chomhlíonadh, cé go measann sí, i bhfianaise léiriú dhlí an Aontais arna sholáthar ag an gCúirt, nach bhfuil na measúnuithe sin comhsheasmhach le dlí an Aontais.**

Sínithe